Cuimhne an Uisce

Uaireanta nuair a bhíonn a hiníon
sa seomra folctha
ag glanadh a fiacla le slaod tiubh
is le sód bácála,
tuigtear di go líonann an seomra suas
le huisce.

Tosnaíonn sé ag a cosa is a rúitíní
is bíonn sé ag slibearáil suas is suas arís
thar a másaí is a cromáin is a básta.
Ní fada
go mbíonn sé suas go dtí na hioscaidí uirthi.
Cromann sí síos ann go minic ag piocadh suas
rudaí mar thuáillí láimhe nó ceirteacha
atá ar maos ann.
Tá cuma na feamnaí orthu —
na scothóga fada ceilpe úd a dtugaidís
'gruaig mhaighdean mhara' nó 'eireaball mhadraí rua' orthu.
Ansan go hobann téann an t-uisce i ndísc
is ní fada
go mbíonn an seomra iomlán tirim arís.

Tá strus uafásach
ag roinnt leis na mothúcháin seo go léir.
Tar éis an tsaoil, níl rud ar bith aici
chun comparáid a dhéanamh leis.
Is níl na focail chearta ar eolas aici ar chor ar bith.
Ag a seisiún síciteiripeach seachtainiúil
bíonn a dóthain dua aici
ag iarraidh an scéal aisteach seo a mhíniú
is é a chur in iúl i gceart
don mheabhairdhochtúir.

Níl aon téarmaíocht aici,
ná téarmaí tagartha